



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

Cruinniú de Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

02 Feabhra 2022

Ráiteas leis an Uasal Bob Collins, Cathaoirleach an Údaráis Póilíneachta

A Chathaoirligh,

Tá mé buíoch den Choiste as an gcuireadh teacht i láthair inniu. Is achomair an méid a bheidh le rá agam mar thús, agus baineann sé leis an dá cheist atá faoi chaibidil, cé go n-aithním go mbeidh an Coiste ag plé go seachtrach leo sin. Ní macalla ar thábhacht na gceisteanna é a laghad a bheidh le rá agam fúthu, ach léiriú ar an seasamh reachtúil difriúil atá ag an Údarás maidir leo.

Tá fíis ag an Údarás don Gharda Síochána go mbeidh seirbhís phóilíneachta ann a bheidh eiticiúil, éifeachtach, dírithe ar chearta an duine agus a bhfuil muintín an phobail éagsúil inti agus sin tuillte aici.

Maidir leis an gcaoi ar féidir le seirbhís phóilíneachta an mhuinín sin a thuilleamh, is tábhachtach go mbeadh sí á cur féin in oiriúint don éagsúlacht atá sa phobal ar a ndéanann sí freastal. Tá dhá chuid leis an gcur in oiriúint sin. Baineann sé i dtosach le seirbhís a sholáthar atá san airdeall maidir le riachtanais agus le cearta an phobail – le cúrsaí teanga san áireamh - ach seirbhís freisin a thagann oiread agus is féidir leis an daonra sin ó thaobh aicme, eitneachta, creidimh agus gnéasachta de. Is mó an mhuinín a bheidh ag an bpobal as an tseirbhís sa chás go mbeidh an tseirbhís phóilíneachta mar mhacalla ar réaltacht na ndaoine ar a ndéanann sí freastal, agus an oiread a bhfuil sí rannpháirteach agus tuisceanach ar an réaltacht sin.

Tá méadú ag teacht ar shaibhreas na héagsúlachta atá i ndaonra na hÉireann agus in éineacht leis sin tá dúshlán don Gharda Síochána conas tabhairt faoi sin. Tá ceisteanna cothromais agus cothroime ann. Ní féidir ídiú a dhéanamh ar oibleagáidí reatha chun freagairt don dúshlán seo. Tá oibleagáid sheasmhach ann – oibleagáid faoin dlí – freastal ar



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

lucht labhartha na Gaeilge, go háirithe iad siúd sa Ghaeltacht, trí mheán na Gaeilge, a bhfuil de cheart acu rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge. Tá reachtaíocht ann a dhéanann buanú ar an gceart sin.

Is úsáideach agus is tráthúil athscrúdú a dhéanamh ar bhearta a rinneadh le dea-thoil agus measúnú a dhéanamh ar an oiread a d'éirigh leo an cuspóir a bhaint amach, agus ar an bhféidearthacht, thar am, go mbeadh siad ina gcúis le dálaí a chuirfeadh cosc ar an nGarda freagairt don saibhreas éagsúlachta sin. Is iomaí duine a bhfuil a saol agus a dteaghlach aige bunaithe sa tír seo acu agus ar mhian leo dul isteach sa tseirbhís phóilíneachta agus a mbeadh sin toirmiscthe orthu. Níor chóir go mbainfí den oibleagáid seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge le hiarracht a chinntiú gur féidir leis an nGarda freagairt do phobal éagsúil a bhfuil an riachtanas sin acu freisin – seirbhís a fháil a thagann lena n-eispéireas féin.

Is é an dúshlán atá os comhair an Gharda anois ná fiosrú a dhéanamh faoi na bearta eile a bheidh riachtanach agus a bheidh in ann freagairt a chur ar fáil de réir na gceart agus na ndualgas sin atá sainmhínithe sa dlí, agus san am céanna freagairt don daonra atá ag athrú, agus leas a bhaint as an bhfreagairt sin chun a sochair féin.